



## **POLASÁÍ MAIDIR LE NASC IDIR BAILE AGUS SCOIL**

Tá sé aitheanta ag tuismitheoirí, múinteoirí agus Bord Bainistíochta na scoile seo gurb iad na tuismitheoirí príomhoideoirí an pháiste. Cuireann nasc fóna idir an baile agus an scoil leis an leibhéal oideachais a gheibheann an páiste. Chun an nasc seo a chothú is gá go mbeadh gaol folláin oscailte idir tuismitheoirí agus múinteoirí agus go mbeadh meas acu araon ar ról a chéile.

### **Aidhmeanna**

1. Chun gaol cumarsáide a chothú idir tuismitheoirí agus múinteoirí ar mhaithe leis na daltaí.
2. Chun nósanna imeachta a chur sa tsiúl chun eolas a roinnt i dtaobh dul chun cinn na ndaltaí.
3. Chun timpeallacht scoile a chothú ina mbíonn fáilte roimh tuismitheoirí agus caomhnóirí, inar feidir leo dul chun cinn an dalta a phlé leis na múinteoirí.
4. Chun na tuismitheoirí a spreagadh chun a bheith páirteach i gCumann na dTuismitheoirí.

### **Cumarsáid**

Beidh cruinniú foirmeálta Tuismitheoirí is Múinteoirí gach bliain i mí feabhra inar féidir le gach tuismitheoir bualadh go príobháideach leis an múinteoir ranga. Beidh an cruinniú ar siúl ag am atá i gcomhréir le rialacha ROE. Munar féidir le tuismitheoir a bheith i láthair ag an am seo, moltar go ndéanfar socrú bualadh le chéile ag am níos oiriúnaí.

Molann an scoil go mbeadh cruinnithe neamhfhoirmeálta idir tuismitheoirí agus múinteoirí ó am go chéile, ar iarratas ó cheachtar acu.

Moltar do thuismitheoirí a bheith ar an eolas maidir leis an obair a bhíonn ar siúl ag an bpáiste ar scoil, agus a bheith ar an eolas faoin obair bhaile atá á dhéanamh. Cuirfear tuairisc fhoirmeálta scoile abhaile ag deireadh na scoilbhliana.

Cuirfear litreacha agus bullaitíní abhaile ó am go chéile i rith na bliana ag cur síos ar ghníomhaíochtaí scoile. Bíonn an teolas seo ar suíomh idirlíon na scoile freisin.

I gcomhréir leis an Acht Oideachais (Leas) (2000), beidh gá le tuairisc scríofa a chur go dtí an múinteoir ranga tar éis do dhalta a bheith as láthair. .

Beidh lánrogha ag an múinteoir, le cead an phríomhoide, cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuil cáilíocht acu i réimse áirithe, cabhrú leis an múinteoir i dtionscadal éigin sa rang nó i ghníomhaíochtaí seach-churaclaim.



## **Cumann na dTuismitheoirí**

Aithníonn an scoil na buntáistí a bhaineann le cumann tuismitheoirí gníomhach a bheith ann. Is féidir leis an gcumann bheith i dteagmháil leis an scoil trí cruinnithe a eagrú idir an cathaoirleach/rúnaí agus an príomhoide, go háirithe tar éis cruinniú ceann bliana nó coiste a bheith ag na tuismitheoirí. I rith na bliana, ag gach cruinniú bainistíochta, beidh tuairisc na dtuismitheoirí tofa mar mhír ar an gclár, agus is féidir comhchaidreamh a dhéanamh ar an dóigh sin. Bíonn fáilte i gcónaí roimh thacaíocht maidir le háiseanna a chur ar fáil, cúrsaí maoinne agus cabhair i dtaobh gníomhaíochtaí seach-churaclaim.

## **Rólanna agus Freagrachtaí**

Is den riachtanas é go mbeadh tuiscint ag páirtithe uile de chomhphobal na scoile ar na línte teorann idir na rólanna/freagrachtaí atá acu araon. Caithfear seasamh le héiteas na scoile i gcónaí. Seasann an pátrún leis an éiteas gaelscolaíocht, ilchreidmheach, páistelárnach, neamhidirdhealaitheach agus daonlathach. Dá bhrí sin, is cóir go mbeadh comh-mheas á chur in iúl ag na páirtithe éagsúla i gcónaí – páistí, tuismitheoirí, foireann agus bainistíocht.

**Daingnithe ag** \_\_\_\_\_ **Dáta**

**Sínithe** \_\_\_\_\_  
**Cathaoirleach, Bord Bainistíochta**